



An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Jobs, Enterprise and Innovation

TUARASCÁIL BHLIANTIÚIL NA BLIANA 2014/2015 ÓN ROINN POST, FIONTAR AGUS NUÁLAÍOCHTA I DTACA LE HALT 22 DEN ACHT UM NOCHTADH COSANTA 2014.

Tá dualgas ar gach comhlacht poiblí, i gcomhéir le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, tuarascáil bhliantiúil a fhoilsiú ina ndéantar cur síos ar líon na nochtaithe cosanta a fuarthas le linn na bliana roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh dá bharr (más ann dó). Níor cheart go mbeadh daoine a dhéanann nochtadh inaitheanta mar thoradh ar an tuarascáil seo.

Is í seo an chéad tuarascáil bhliantiúil ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus is í an tréimhse idir an 1ú Iúil 2014 agus 31ú Nollaig 2015 atá faoi chuimse.

Rinneadh trí nochtadh cosanta chuig an Aire/Roinn le linn an tréimhse atá clúdaithe sa tuairisc seo. Tháinig dhá nochtadh cosanta ó fhostaithe de chuid na Roinne/a cuid Oifigí, agus bhain siad le gnó na Roinne agus a cuid Oifigí.

Bhain ceann de na nithe a nochtaíodh le ceist a bhí á fhiosrú cheana féin ag duine gairmiúil neamhspleách. Tá an t-athbhreithniú seo fós ar siúl ag dáta na tuairisce seo. Baineadh leas as tríú páirtí neamhspleách gairmiúil chun an dara cheist a fhiosrú chomh maith. Níor fritheadh gur tharla aon rud as bealach sa chás sin, agus cuireadh an toradh seo in iúl don té a rinne an nochtadh.

Fostaí as Roinn Rialtais eile a rinne an tríú nochtadh, agus cuireadh an ceann seo in iúl don Aire sa Roinn ábhartha chomh maith, maraon le hAirí Rialtais eile. Tugadh le fios don té a rinne an nochtadh gurb í an Roinn lena bhfuil sé nó sí fostaithe an comhlacht is cuí chun na saincheistanna a chíoradh.

Mí Meitheamh 2016